# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

Beidh na nótaí seo a leanas in úsáid laistigh den chóras marcála ar líne chun na marcanna a bhronntar ar cheisteanna éagsúla a léiriú.

| Nóta | Úsáidtear chun a Léiriú |
|---|---|
| ✓1, ✓2, ✓3, ✓4, ✓5, ✓6, ✓8 | Freagra (nó cuid de fhreagra) / pointe bailí ag gabháil 1, 2, 3, 4, 5, 6, 8 marc |
| ✓ | Freagraí farasbairr |
| 0 | Freagra mícheart 0 marc ag gabháil leis |
| ▪—▪ | Tá na príomhábhair faoi líne |
| Ex Ev REF | 2 mharc ag gabháil le Fianaise / Sampla / Tagairt |
| N2 / N3 | 2 / 3 mharc ag gabháil le hainmniú |
| ⌇ | Leathanach bán feicthe / Eolas feicthe ach níor bronnadh aon mharc |

**Ceist 1**

| | | |
|---|---|---|
| | | 40 marc |
| (a) | | |
| (i) | Pláta na hEoráise | 3 |
| (ii) | Droim an Atlantaigh Láir | 3 |
| (iii) | Imbhualadh | 3 |
| (iv) | Screamh | 3 |
| (b) | | |
| | Míniú le cúig phointe bailí = 10 marc<br>Léaráid a bhfuil lipéad uirthi = 3 mharc (1 mharc mura bhfuil aon lipéad ann)<br><br>PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + L3 = 13 mharc | 13 |
| (c) | | |
| (i) | 1.5 milliún | 3 |
| (ii) | Sampla amháin luaite san alt @ 3 mharc<br><br>Samplaí den scrios:<br>Titeadh na mílte foirgneamh, rinneadh dochar mór don bhonneagar, fágadh daoine gan dídean. | 3 |
| (iii) | Seismeagraf | 3 |
| (iv) | Freagra fadtéarmach amháin le pointe bailí cur síos ainmnithe.<br>A3 + PB3 = 6 mharc<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar fhreagraí fadtéarmacha:<br>Córas réamhrabhaidh, oideachas a chur ar dhaoine maidir le conas iad féin a iompar i rith crith talún, foirgnimh atá díonta ar chrith talún, srl. | 6 |

**Ceist 2**

| | | |
|---|---|---|
| | | 36 marc |
| (a) | | |
| (i) | 2 (milliún) | 3 |
| (ii) | Oirthear na hÁise agus an tAigéan Ciúin | 3 |
| (iii) | Sampla bailí amháin ainmnithe<br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>Stoirm Debi, Stoirm Ophelia, triomach in Éirinn in 2018, srl. | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Dhá fhoinse ainmnithe<br>A3 + A3 = 6 mharc<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar fhoinsí:<br>Córas iompair, feirmeoireacht, tionscal, srl. | 6 |
| (ii) | Cúis amháin le trí phointe bailí mínithe ainmnithe<br><br>A3 + PB3+ PB2 + PB2 = 10 marc<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Éileamh níos mó ar bhia, méadú ar úinéireacht carranna, méadú ar an tionscal, srl. | 10 |
| (c) | | |
| (i) | Cúis amháin ainmnithe do 3 mharc<br><br>Ní féidir glacadh le himeachtaí suntasacha aimsire.<br>D’fhéadfaí tagairt do thoisc bhrú nó toisc tharraingthe a chur san áireamh mar chúiseanna:<br>Cuardach ar obair, athrú aeráide, easpa seirbhísí srl. | 3 |
| (ii) | Dúshláin/bacainn amháin ainmnithe le dhá phointe bailí mínithe<br>A2 + PB3 + PB3 = 8 marc<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar dhúshláin/bacainní:<br>Víosaí, ardchostais, gan fonn a bheith ar dhaoine a bheith ar shiúl óna dteaghlach. | 8 |

**Ceist 3**

| | | |
|---|---|---|
| | | 53 marc |
| (a) | | |
| (i) | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 3 |
| (ii) | Intíre | 3 |
| (iii) | Báisteach throm nó dhian | 3 |
| (iv) | Cúis amháin le 3 phointe bailí mínithe ainmnithe<br>A3 + PB2 + PB2 + PB2 = 9 marc<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Creimeadh, oibreacha tógála, srl. | 9 |
| (v) | Dhá shampla ainmnithe @ 3 mharc (A3 + A3)<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>ag tógáil bóithre, cairéalú, dífhoraoisiú srl. | 6 |
| (vi) | Fíor | 3 |
| | Bréagach | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Cineál amháin ollghluaiseachta atá mall ainmnithe @ 3 mharc<br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar fhreagraí:<br>Ithirthéaltú, srl. | 3 |
| (ii) | Dhá thionchar a bhfuil lipéad orthu @ 4 mharc an ceann<br>(Mura bhfuil aon lipéad ach is féidir an tionchar a thuiscint trí fhéachaint ar an léaráid bronn 2 mharc ar a mhéad ar gach tionchar)<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar iarmhairtí: Crainn ag fás ar fiar, ballaí ag scoilteadh agus ag briseadh, fargáiníní, cuaillí teileagraif ag claonadh, srl. | 8 |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) | | |
| | Sampla amháin pléite @ 12 mharc<br>Suíomh ainmnithe S2<br>Próiseas ainmnithe A2<br>Cuntais do 8m<br><br>D'fhéadfaí tógáil dambaí, gradhan, baillí tuile, srl a chur san áireamh mar shamplaí.<br>Is féidir tagairt don phróiseas agus/nó don suíomh a bhronnadh in aon áit sa fhreagra, **ní** gá go mbeadh sé le feiceáil ag an tús.<br><br>Tuairiscín marcála i mbandaí do 8 marc (0/2/5/8) mar a leagtar amach thíos | |

D'fhéadfaí leis an bhfreagra plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an próiseas a rialú nó ar na héifeachtaí a bhaineann le rialú an phróisis, nó an dá cheann araon, chun marcanna a bhronnadh.

| | | |
|---|---|---|
| Níl ar fáil | Mura dtugann an freagra aghaidh ar an gceist ar aon slí | 0 marc |
| Dona | D'fhéadfadh sonraí teoranta a bheith sa fhreagra ar an gcaoi a bhfuil próiseas á rialú ag gníomhartha daonna. | 2 mharc |
| Maith | Beidh roinnt sonraí sa fhreagra ar an gcaoi a bhfuil próiseas á rialú ag daoine agus b'fhéidir go bhforbrófar plé teoranta ag lua rudaí amhail an chaoi a ndéantar an próiseas a rialú nó cén tionchar a bhíonn ag an rialú ach nach bhforbraítear an plé. | 5 mharc |
| Sármhaith | Léireofar tuiscint ar na cásanna ina bhfuil iarracht déanta ag daoine próiseas nádúrtha a rialú agus pléifear go mion conas a rialaíonn daoine an próiseas nó na héifeachtaí a bhíonn ag daoine a rialaíonn é. | 8 marc |

Ní mór marcanna liostaithe sa tábla amháin a bhronntar (0 nó 2 nó 5 nó 8).

Nuair atá tú ag déanamh cinneadh ar an marc ní mór an fhreagra a léamh agus cinneadh a dhéanamh ansin ar an tuairiscín is oiriúnaí.  Bronn an marc ar an tuairiscín sin.

**Ceist 4**

| | | |
|---|---|---|
| | | 43 |
| (a) | | |
| (i) | Le haghaidh gach ceann de na ceithre mhír:<br>Léirigh = 2m grádaithe (2/1/0)<br>Lipéadaigh = 1m<br><br>D'fhéadfaí marc lipéid a bhronntar ar mhír atá léirithe go mícheart, bí ag súil le cruinneas réasúnta as an marc a léiriú.<br>Mura bhfuil an mhír léirithe, ní bhronntar marc ar bith ar lipéadú<br>Ní féidir marc a bhronntar as mír a léiriú ach gan lipéad ar bith. | 12 |
| (ii) | Coimpléasc siopadóireachta = 3m<br>Stáisiún dóiteáin = 3m | 6 |
| (iii) | Soir ó dheas | 5 |
| (b) | | |
| (i) | 7.2 ciliméadar | 5 |
| (ii) | Tagairt bhailí eangaí sé fhigiúr @ 3 / 1 / 0<br><br>Mura bhfuil litir fhoroinne ach tá sé fhigiúr chruinn bronn 1m ar a mhéad don tagairt eangaí. | 3 |
| (iii) | Dhá shampla ainmnithe @ 3 mharc an ceann<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar shamplaí:<br>Gréine, gaoth, taoide, geoiteirmeach srl. | 6 |
| (c) | | |
| | Míniú le dhá phointe bailí @ 6 mharc<br>PB3 + PB3<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar mhínithe ar thruailliú:<br>Rith chun srutha ó feirmeacha in aice láimhe, dramhaíl ó mhonarchan, srl | 6 |

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| | | 58 marc |
| (a) | | |
| (i) | 16-20°C | 3 |
| (ii) | An Spáinn | 3 |
| (iii) | Fionnuar Measartha Aigéanach | 3 |
| (iv) | Cúis amháin ainmnithe le dhá pointe bailí mínithe @ 9 marc<br>A3 + PB3 + PB3<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Domhanleithead, sruthanna an aigéin, príomhghaotha, srl. | 9 |
| (b) | | |
| (i) | 11 (uair a chloig) | 3 |
| (ii) | 14°C | 4 |
| (iii) | 57 mm<br>4 mharc ar ríomh<br>1 mharc ar aonad (beag beann ar ríomh ceart atá á dhéanamh) | 5 |
| (iv) | Cúis amháin ainmnithe le dhá phointe bailí mínithe agus píosa amháin fianaise@ 8 marc<br>A2 + PB2 + PB2 + F2<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thagairt do chúiseanna:<br>Teochtaí níos teo, níos lú báistí, níos mó uair an chloig gréine, srl. | 8 |
| (c) | | |
| (i) | Fronta oclúidithe | 3 |
| (ii) | 984 (mb / hPa) | 3 |
| (iii) | Fíor | 3 |
| (iv) | C | 3 |

(v) Tuairiscín marcála i mbandaí do 8 marc

| | | |
|---|---|---|
| Níl ar fáil | Mura dtugann an freagra aghaidh ar an gceist ar aon slí | 0 marc |
| Dona | Tagairt déanta do ghaoth nó báisteach in suíomh amháin agus nach bhfuil cur síos déanta ar cheachtar acu. | 3 mharc |
| Maith | Tagairt déanta do ghaoth agus báisteach araon in suíomh amháin le gné éigin de chur síos ar cheann amháin de bháisteach nó gaoth ar a laghad. | 5 mharc |
| Sármhaith | Tagairt agus cur síos soiléir do ghaoth agus báisteach sa dá shuíomh araon | 8 marc |

Ní mór marcanna liostaithe sa tábla amháin a bhronntar (0 nó 3 nó 5 nó 8).

Nuair atá tú ag déanamh cinneadh ar an marc ní mór an fhreagra a léamh agus cinneadh a dhéanamh ansin ar an tuairiscín is oiriúnaí. Bronn an marc ar an tuairiscín sin.

**Ceist 6**

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 marc |
| (a) | | |
| (i) | Lúb | 3 |
| (ii) | U-ghleann | 3 |
| (iii) | Cumar | 3 |
| (iv) | Fianaise @ 2 mharc<br>Is féidir léi a bheith ina tagairt eangaí 4 nó 6 fhigiúr nó píosa fianaise scríofa bailí, ionad amhairc mar shampla<br>Ráiteas @ 3 mharc | 5 |
| (b) | | |
| | Míniú le 5 phointe bhailí @ 2m an ceann<br>PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>Tá béim an fhreagra ar conas a mhúnlaíonn próisis an tírdhreach. | 10 |
| (c) | | |
| (i) | B | 2 |
| (ii) | Cúis amháin ainmnithe le pointe bailí mínithe amháin @ 5 mharc<br>A3 + PB2<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thagairt do chúiseanna:<br>Ceantar sléibhe, go bhfuil uisce ann, srl. | 5 |

**Ceist 7**

| | | |
|---|---|---|
| | | 29 marc |
| (a) | | |
| (i) | Líneach | 3 |
| (ii) | Toisc ainmnithe agus pointe bailí mínithe amháin @ 5 mharc<br>A3 + PB2<br><br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thosca:<br>Crosbhóthar, talamh cothrom, pointe droicheadú, srl. | 5 |
| (iii) | Aon sheaniarsma bailí ainmnithe @ 3 mharc<br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar fhreagraí:<br>Cros, dún cinn tíre, gallán, tobar beannaithe, srl. | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Baineannaigh | 3 |
| (ii) | 10 | 3 |
| (iii) | 40 | 4 |
| (c) | | |
| | Bealach amháin ainmnithe agus dhá phointe bailí mínithe @ 8 marc<br>A3 + PB3 + PB2<br><br>D’fhéadfaí postanna, imirce, cultúr, srl a bheith san áireamh<br>mar bhealaí a raibh tionchar ag domhandú ar Éire. | 8 |

**Ceist 8**

| | | |
|---|---|---|
| | | 39 marc |
| (a) | | |
| (i) | Trá = C<br>Monarcha = A<br>Teach = B | 2<br>2<br>2 |
| (ii) | Ollmhargadh = Tráchtáil<br>Monarcha = Tionsclaíoch<br>Teach = Cónaitheach | 2<br>2<br>2 |
| (iii) | Cúlra | 3 |
| (iv) | Reiligiúnach<br>(Glac le heaglasta freisin) | 3 |
| (b) | | |
| (i) | A3 | 3 |
| (ii) | Cúis amháin ainmnithe le píosa fianaise amháin agus dhá phointe bailí mínithe@ 8 marc<br>A2 + F2 + PB2 + PB2<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Cóngarach don bhaile, lucht saothair ina gcónaí in aice láimhe, gréasán maith bóithre, srl. | 8 |
| (c) | | |
| | Baile nó cathrach bhailí ainmnithe = A2<br>Tagairt d’athrú agus trí phointe bailí mínithe<br>T2 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>D’fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thagairtí:<br>Feidhmeanna san am atá caite nach bhfuil i láthair níos mó, sraoilleáil uirbeach, meathlú uirbeach, srl. | 10 |

**Ceist 9**

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 marc |
| (a) | | |
| (i) | Fíor | 3 |
| (ii) | Bréagach | 3 |
| (iii) | Fíor | 3 |
| (b) | | |
| | Cúis amháin ainmnithe agus mínithe le trí phointe bailí<br>A2 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:<br>Drochshaoráidí sláinte, cogadh, rochtain ar bhia, srl. | 8 |
| | | |
| (c) | | |
| | Tír ainmnithe = 2 mharc<br>Dhá thoisce ainmnithe @ 12 mharc<br>I gcás gach toisce:<br>Toisc ainmnithe agus dhá phointe bailí mínithe do 6 mharc<br>T2 + (A2 + PB2 + PB2) + (A2 + PB2 + PB2)<br><br>Is féidir an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar thosca:<br>Oideachas, frithghiniúint, cogadh, srl. | 14 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |

Nóta: Scéim mharcála mhionathruithe ar fáil d'iarrthóirí a rinne páipéar scrúdaithe mionathruithe.